

[10_02.mp3](#)

Bileog 10.2

- Pól: Gheobhaidh muid an t-inneall níocháin agus an niteoir soithí sa siopa leictreach mór sin taobh amuigh den bhaile mór, ach cén áit is fearr leis na cuirtíní a cheannach?
- Lisa: Ceapaim féin gur féidir linn gach rud mar sin a fháil in *Dunnes*. Gheobhaidh muid na pluideanna, na braillíní, na cuirtíní, na lampaí agus gach rud eile a bhaineann leis na seomraí codlata ansin ceapaim.
- Pól: Tá an ceart agat, agus tá gach rud eile faighte againn ach amháin sceana, foirc agus spúnóga. Dúradh liom go bhfuil siopa dara láimhe sa bhaile mór atá thar barr le haghaidh a leithéid.

[10_07.mp3](#)

Bileog 10.7

- Ciara: Is breá liom an sciorta seo a Chláir, nach bhfuil sé go haoibhinn?
- Clár: Tá an stíl go hálainn ar fad ach is dóigh liom go bhfuil sé ábhairín róghearr ort, a chroí!
- Ciara: Ní chreidim tú. Nach tú atá coimeádach! Ach b'fhéidir gur fíor duit. Go breá, ach an bhfuil tú sásta leis an ngúna seo? An ceann a thriail mé orm féin nóiméad ó shin?
- Clár: An gúna dearg. Tá sé foirfe agus oireann sé go maith duit.
- Ciara: Ceannóidh mé é sin mar sin. Agus tusa, nár cheannaigh tú na bróga dubha sa deireadh?
- Clár: Níor cheannaigh. Bhí siad rómhór.
- Ciara: Cén uimhir bróige a chaitheann tú arís?
- Clár: Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil cosa ana-bheag agamsa, uimhir a trí go leith!
- Ciara: Tá bróga iontacha sa siopa *Schuh* ar Shráid Uí Chonaill, rachaimid ansin.

[10_08.mp3](#)

Bileog 10.8

- Is dóigh liom go n-oireann an sciorta seo dom ach tá sé beagáinín rótheann orm. Cad a cheapann tusa?
- Tá sé go hálainn ach b'fhéidir go bhfuil sé rótheann. Ar mhaith leat uimhir eile?
- Ceart go leor. B'fhéidir go mbeadh uimhir a dó dhéag níos fearr.
- Seo uimhir a dó dhéag duit - triail ort é sin go bhfeice mé.
- Tá sé sin i bhfad níos fearr, gheobhaidh mé é, ceapaim. Anois caithfidh mé bróga a cheannach!
- Cén uimhir bróige a chaitheann tú? Tá cuaráin ghalánta anseo atá foirfe leis an sciorta!
- Go hiontach - triailfidh mé iad. Caithim uimhir a cúig de ghnáth.